

Ceacht 5 *Mothúcháin agus Sláinte/Feelings and Health*

In this lesson you will learn how to:

- * Express emotions and ask others how they feel.
- * Talk about your health and that of others.

1. Abairtí Úsáideacha:

Repeat each one as you hear it on the CD:

Tá/níl tinneas cinn orm.	I have/haven't a headache
An mbíonn faitíos oraibh?	Are you (do you be) afraid?
Bíonn cantal uirthi.	She is (does be) cranky.
Ní bhíonn áthas orainn.	We are not (don't be) happy.
Conas a airíonn tú?	How do you feel?
Airím go maith/go dona.	I feel well/badly.
Tá biseach uirthi.	She has improved.
Tá/Níl a fhios agam.	I know/don't know.
Cad atá air/uirthi?	What's wrong him/her?
Cad atá ag cur as duit?	What is troubling you?
Ceapaim go bhfuil/nach bhfuil sé go maith.	I think that he is/is not well.

Nóta

The verb “to be” has a particular tense to express things which happen on a regular basis, the *present habitual tense* or *An Aimsir Ghnáthláithreach*:

An mbíonn tú anseo gach lá?	Are you here every day?
Bím.	I am (do be).
Ní bhím.	I am not (do not be).
An mbíonn sé tinn go minic?	Is he (does he be) sick often?
Bíonn.	He is (does be).
Ní bhíonn.	He isn't (doesn't be).

Comhrá (ceacht 5 ar dhlúthdhiosca) (Follow CD instructions as before.)

Tá múinteoir ag caint le tuismitheoir faoi dhalta tar éis am scoile.

A teacher is talking to a parent about a pupil after school hours.

Múinteoir: Conas atá Máire inniu?

Tuismitheoir: Tá tinneas cinn uirthi fós.

Múinteoir: An mbíonn tinneas cinn uirthi go minic?

Tuismitheoir: Bíonn. Bíonn tinneas cinn uirthi gach Céadaoin.

Múinteoir: An mbíonn? Tá sé sin suimiúil. Bíonn scrúdú againn Dé Céadaoin de ghnáth.

Tuismitheoir: Ní raibh a fhios agam cad a bhí uirthi, ach tá a fhios agam anois!

Comhrá Ceacht 5 - Aistriúchán/Translation

Conas atá Máire inniu? Tá tinneas cinn uirthi. An mbíonn tinneas cinn uirthi go minic? Bíonn. Bíonn tinneas cinn uirthi gach Céadaoin... An mbíonn? Tá sé sin suimiúil. Bíonn scrúdú againn Dé Céadaoin de ghnáth. Ní raibh a fhios agam cad a bhí uirthi, ach tá a fhios agam anois!	How is Máire today? She has a headache. Does she often have a headache? She does. She has a headache every Wednesday. Does she? That is interesting. We usually have a test on Wednesdays. I didn't know what was wrong with her, but I know now!
--	--

Le foghlaim/To be learned

In Irish, moods and sickness are ordinarily viewed as being transitory and as being 'on' the person:

Tá ocras orm.

I am hungry.

tart

thirst

tuirse

tiredness

slaghdán

a cold

tinneas fiacaile

toothache

tinneas cinn

a headache

teocht

fever

éad	jealousy
díomá	disappointment
fearg	anger
leisce	laziness
drogall	reluctance
aiféala	regret
imní	worry
iontas	surprise
brón	sorrow
ocras <i>an domhain</i>	<i>hunger of the world</i>
tart <i>an domhain</i>	<i>thirst of the world</i>

Tá ocras an domhain orm.	I am starving.
Tá tart an domhain orm.	I am parched.

Obair Ghrúpa

Agus sibh ag obair i ngrúpa de cheathrar, cuir ceist ar na daoine eile faoi chonas a n-airíonn siad. Mar shampla:

While working in groups of four, ask the others how they are feeling. For example:

Conas a airíonn tú?	<i>How do you feel?</i>
Airím go maith. Tá áthas an domhain orm	<i>I feel good. I am really happy</i>
nó	or
Airím go dona. Tá slaghdán orm	<i>I feel bad. I have a cold</i>

2. Cabhair leis an nGramadach/Help with the Grammar

The teacher will emphasise the most important of the following grammatical points. It is not essential that you learn them all off by heart.

Ar = On

Ar + mé = Orm

Orm	On me
Ort	On you
Air	On him
Uirthi	On her
Orainn	On us
Oraibh	On you (plural)
Orthu	On them

Reported speech:

"Tá mé tinn."

Dúirt sé **go bhfuil** sé tinn.

"Níl mé tinn."

Dúirt sé **nach bhfuil** sé tinn.

"I am sick."

He said he is sick.

"I am not sick."

He said he is not sick.

"Bhí slaghdán orm."

Dúirt sí **go raibh** slaghdán uirthi.

"Ní raibh slaghdán orm."

Dúirt sí **nach raibh** slaghdán uirthi.

"I had a cold."

She said she had a cold.

"I did not have a cold."

She said she did not have a cold.

3. Súil Siar/*Looking Back*

Gníomhaíochtaí scríbhneoireachta/*Writing Activities*

Aistrigh go Gaeilge:

1. I am hungry.....
2. Are you thirsty?.....
3. Is he usually cranky?.....
4. Were they angry?.....
5. He had a cold.....
6. She said she wasn't disappointed.....
7. I was reluctant to go.....
8. You (plural) are jealous.....

Gníomhachtaí éisteachta/*Listening activities (ceacht5)*

Éist leis an dlúthdhiosca agus freagair na ceistanna a leanas:

Listen to the CD and answer the following questions:

1. An airíonn an t-othar go maith?
2. An bhfuil tart ar an othar?
3. An bhfuil an t-othar tinn?

4. Obair Bhaile na Seachtaine seo/*This week's homework*

A. Work with the CD and the handbook regularly during the week as before. 20 minutes on a daily basis is an effective and realistic approach.

B. Keep a record in your Irish diary of how you feel each day.

Transcript of conversation, ceacht 5:
(Othar = patient, Dochtúir = Doctor)
Gníomhaíochtaí Éisteachta

Dochtúir: Cad atá ag cur as duit?

Othar: Ní airím go maith.

Dochtúir: An bhfuil tart ort?

Othar: Tá tart an domhain orm, a Dhochtúir.

Dochtúir: An bhfuil? Bhuel, an airíonn tú fuar?

Othar: Airím, a Dhochtúir. Airím an-fhuar. An bhfuil mé an-tinn?

Dochtúir: Níl ort ach slaghdán.